

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T9
Ainm an Agalláí	Gráinne Mhic Gloinn
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	14/3/2006
Suíomh an Agallaimh	An tArd Leathan, An Clochán
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

_____'

_____+'

....

[]

Tosach lochtach**Focal dothuigthe****Níos mó ná focal amháin dothuigthe****Beirt ag caint ag an am amháin****Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

DÓNALL: Agus inis tusa domsa anois taobh amuigh de chás an eitleáin an t-am sin, inis domh do chuimhne-sa ar fhaireacha in d'óige a Ghracie.

GRACIE: Bhuel, bhí faireacha, ní raibh mise an-sean nuair a fuair m'athair bás, bhí mé seacht mbliana. Sin an chéad fhaire a bhfuil cuimhne agamsa air. Ach tá cuimhne agam ar na daoine a bheith ag teacht amach agus isteach agus fear a bheith ina shuí ag spíonadh tobac, d'fhágad pláta tobac ar an tábla agus pláta snaoisín agus bheadh bean nó fear ag scríobh **arthál** ann.

DÓNALL: Tá do chuimhne, do chuimhne maith ar sin a Ghracie.

GRACIE: Agus ansin nuair a fuair m'uncail bás, bhíonn an rud céanna, fuair sé bás i dtrátha ceithre ná cúige bhliana ina dhiaidh sin agus tá cuimhne agam go raibh mise go measartha maith ag scríobh agus tugadh an jab domsa ag scríobh an **artháil**.

DÓNALL: Sea. Agus dhíoltaí leathchoróin agus scilling.

GRACIE: Leathchoróin agus scilling agus bheadh fear piochta amach ansin thoir i nGleann Fhionne scairteadh an **arthál** sin nuair a bheadh an tAifreann thart agus b'é

sin Neddy Ghobaine go ndéanfaidh Dia trócaire air. Gheobhadh seisean, agus ansin nuair a thigeadh arthál isteach, daoine nach mothú é, scairteadh an sagart rud ansin, bheirtí do é agus scairteadh sé sin an Domhnach ina dhiaidh.

DÓNALL: Sin mar a bhí.

GRACIE: Sin mar a bhí.

DÓNALL: Bhí muid ag caint ansin níos luaithe, bhí do mháthair go maith ansin ag caint fá, na, na luibheanna in sa talamh. Tá cuimhne mheasartha agatsa tú féin ar...

GRACIE: Tá, ba ghnách leofa cúl faiche a bhaint nuair a bheadh páistí ansin a mbeadh creidim, *an-temperature* acu nó iad iontach dearg agus...

DÓNALL: Sea agus bhí cúl faiche in ainm a bheith

GRACIE: Bhí cúl faiche, bhruitheadh siad an cúl faiche agus bhéarfadh siad sú cúl faiche daofa agus b'fhéidir go gcuirfeadh siad spúnóg bheag uisce bheatha air. Agus níodh siad an rud céanna le, leis an seamair chapail, *the clover*.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Agus.

DÓNALL: Abair, abair arís i nGaeilge é, an *clover*?

GRACIE: Seamair chapail.

DÓNALL: Seamair capail?

GRACIE: Sin an t-ainm a mhothaigh mise.

DÓNALL: Sin an Ghaeilge ar *clover*

GRACIE: Sin ar mhothaigh mise. Ba ghnách leofa sin a bhruith agus a thabhairt do pháistí agus daoine a thiontódh a gcois, ba ghnách leofa flig a tharraingt, luibh glas a d'fhásadh in sna préataí, duilleoga beaga bídeacha cruinn orthu.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Agus théadh siad é, chonaic mise siúd a dhéanamh ansin lá amháin a thit fear de na boic a bhí anseo go iontach agus thiontaigh sé a chos. Théadh siad...

DÓNALL:Nuair a bheadh do mhurnán ataithe?

GRACIE: Sea. Théadh sí é, ar mhullach an *range* ansin agus chuir sí isteach idir dhá éadach é agus cheanglótaí ar an chois é. Agus bhí sé ábalta an t-at a chur síos.

DÓNALL: An gcuirfeadh sé síos measartha gasta é?

GRACIE: Chuireadh sé síos go measartha é. Níodh. Chonaic mé sin.

DÓNALL: Agus ansin leigheasanna fá choinne an eallaigh fosta, nach raibh ag daoine go speisialta?

GRACIE: Bhíodh siad ag déanamh leigheasanna d'eallaigh. Batha a dtabharfadh siad a mbeadh, c'ainm atá air? *red water*, mún fola orthu.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Ba ghnách leofa créafóg ghorm a thabhairt agus uisce a reáchtáil uirthi agus a shú sin a thabhairt daofa agus ba ghnách leofa, chonaic mé é siúd a dhéanamh, ba ghnách leo maistreadh a bhuaileadh agus thógadh siad an bhláth agus bhéarfadh siad daofa é.

DÓNALL: Don eallach?

GRACIE: Don eallach, do bha ansin. Nuair a bheadh bainne leath bhuailte, bheirtí buicéad de sin don bhó le hól.

DÓNALL: Muid ag caint ar bhuaileadh, bhuaileadh an bhainne, ag déanamh maistreadh, tá cuimhne mhaith agatsa ar sin a Ghracie?

GRACIE: Ó tá, ná bhuail mise bainne go minic, ná, ná áiteanna a bhíodh sí ar shiúl amanna.

DÓNALL: An b'é leis an loine a bheifeá?

GRACIE: Sea. Aníos agus síos. Agus ansin bheadh scála deas adhmaid ann agus scalfá sin. Chuirfeá uisce galach air agus na spáda bheadh déanamh an ime.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Agus líonfá lán uisce fuar é agus chuirte an t-im isteach ansin. Chuirte, chuimleotaí salainn do na spádaí, beag i ndóigh nach ngreamódh an t-im dó.

DÓNALL: Bhí sé galánta.

GRACIE: Bhí. Bhíodh sé.

DÓNALL: Cuimhne agamsa ar mo mháthair féin a dhéanamh sin.

GRACIE: Bhíodh, bhíodh cinnte. Ba ghnách liomsa cineál do..., nuair a d'fhág mise an scoil, thit sise agus chuir sí, a, a scoróg amach as áit agus tá cuimhne agam gur sin an chéad rud a bhí agamsa le déanamh, maistreadh mór bainne a bhuaileadh

liom féin agus tháinig bean isteach a bhí in sa chomharsan, tháinig sí isteach ag amharc uirthise agus bhí sí, (gáire), drochamharc aici agus thug sí *slash* amháin de síos....

DÓNALL:D'éirigh

GRACIE: D'éirigh deireadh in airde agus bhí an dá ghloine a bhí uirthi (gáire),

DÓNALL: (Gáire)

GRACIE: an dá ghloine a bhí uirthi, iad *coverailte*, (gáire)

DÓNALL: (Gáire) An bhfuil cuimhne agat fosta, nuair a bheadh bó ar bhéal a breith nó i ndiaidh breith?

GRACIE: Níodh siad an gruth buí.

DÓNALL: An gruth buí.

GRACIE: Tá cuimhne agam ar sin, na seandaoine, ó ní raibh aird ar bith agam ar sin.

DÓNALL: Ná nach raibh?

GRACIE: Bhruitheadh siad an bainne agus an gruth buí a bhí air, d'ítheadh siad é.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Bhéarfadh siad babhla de agus bhí gnás eile acu nuair a bhreitheadh bó agus níodh siad a gruth buí, ba ghnách leofa canna de a thabhairt isteach go teach na comharsana.

DÓNALL: Caidé, caidé a bheadh sin a mhaíodh, caidé an?

GRACIE: Bhuel, creidim, níl a fhios agamsa, ba ghnách leofa sin a dhéanamh

DÓNALL:Sin an nós a bhíodh ann....

GRACIE: ...Agus thiocfadh siadsan, sin an nós a bhí ann agus ansin nuair a bheadh siad ag ligint amach an bhó i ndiaidh breith, chonaic mé seandaoine a dhéanamh sin, bhí eagla orthu go dtiocfadh *fairies* uirthi, ba ghnách leofa maide briste a chur trasna i ndoras an bhóithigh agus chuireadh siad cúpla aibhleog faoi. Agus thiocfadh sise, thiocfadh an bhó léim amach thar sin. Chonaic mé seandaoine.

DÓNALL: Bhí sin iontach.

GRACIE: Bhí.

DÓNALL: Bhuel nach raibh sin cineál pisreogach?

GRACIE: Bhí sin cineál pisreogach, bhí cinnte. Bhí eagla orthu go ndéanfadh na *fairies* drochamharc ar an bhó.

DÓNALL: Sea.

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agatsa ar dhaoine a bhí pisreogach? Arú, tá a Ghracie.

GRACIE: Bhíodh agus rud eile a níodh siad a dhéanamh Oíche Bhealtaine.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Ba ghnách leofa slatacha a bhaint de chaorthann agus chuireadh siad ceann in san charn aoiligh agus chuireadh siad ceann ar cheann dhoras an bhóithigh. Chonaic mé sin de dhéanamh acu.

DÓNALL: An raibh mná ansin go speisialta pisreogach, raibh eagla ar dhaoine rompu, bhfuil cuimhne agat?

GRACIE: Bhuel bhíodh siad ag caint in sa tsean am, ní, níor mhothaigh mé iomrá ar bith go raibh duine ar bith acu i m'amsa, go raibh daoine ann a raibh drochamharc acu.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: An mhothaigh tú sin?

[Tá deireadh taobh 1 den téip anseo agus leanann an scéal ar aghaidh ar an dara taobh den téip]

GRACIE: Ag caint ar na mná a raibh an drochamharc acu.

DÓNALL: Sea, sea.

GRACIE: Bhí siad ag rá go raibh, bhuel bhí mná agus fir a raibh drochamharc acu.

DÓNALL: Ó, an raibh?

GRACIE: Bhí. Daoine a mbeadh drochamharc acu nach mbeadh ádh ar bith, bhí sé, ní fhaca duine ar bith acu nó go dtiocfadh liom, ach mhothaigh mé daoine ag caint orthu. Rud ar bith nach mbeannódh siad, nach, nach mbeadh ádh ar bith air i ndiaidh iad a bheith ann.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Macasamhail daoine a rachadh fhad le bóitheach ansin a bheadh lán eallaigh agus ní bheannódh siad iad, cuid acu.

[Tá máthair Ghracie, Máire ag caint anseo.]

MÁIRE: Go ráthaí Dia is Muire iad a deireadh siad.]

GRACIE: Deireadh siad sin.

DÓNALL: Caidé a dúirt Máire?

GRACIE: Deireadh siad go ráthaí Dia is Muire do stoc.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Agus daoine eile ansin nach ndeireadh dada, dá '____' go raibh droch '_____' iontu sin.

DÓNALL: Sea, rinne siadsan an drochamharc.

GRACIE: Nach smaoinigh siad air (gáire)

DÓNALL: (Gáire) B'fhéidir go minic gur sin an rud a bhí ann.

GRACIE: Sin mar a bheadh sé cinnte.

DÓNALL: A Ghracie, tá cás eile a bhéarfaidh mé aníos agus tá a fhios agam go mbeadh sé roimhe d'am agus achan rud mar sin ach creidim gur chuala tú na scéalta fá nuair a dhéanadh, nuair a dhéantaí cleamhnas fad ó shin agus rachadh cúpla, cúpla stócach ná cúpla fear óg ag an, ag an tseanathair agus phioctaí amach agus gheobhadh siad cibé cén bean. An bhfuil scéal ar bith mar sin agat a Ghracie?

GRACIE: Mhothaigh mé mo *ghranny* ag caint air, *cousin* den fhear s'aicise, bean a bhí ina cónaí taobh thall den abhainn agus buachaill, bhí sé giota aniar an bealach mór uaithi agus rinne fear inteacht cleamhnas eatarthu nó *match* eatarthu. Á, teacht anoir ó oíche mhór inteacht a bhí thoir fá Dhroichead an Rileáin agus nuair a

níodh siad iad, *match* daofa, théadh siad go teach inteacht, an péire, *so landáil* siad thiar ag mo *ghranny* agus ag *chousin* s'aici agus an t-am sin sna sean tithe, bheadh na bóithigh thíos in sa *room*.

DÓNALL: Bheadh.

GRACIE: Bheadh doras síos ón chistíneach go dtí an *room*.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Ach ar scor ar bith, *landáil* siad agus iad ag inse an scéal a bhí acu agus iad ag tabhairt cuireadh don chuid eile, bhí siad le pósadh, cibé na laetha ina dhiaidh sin a bhí siad le pósadh agus mhothaigh siad fear ag teacht a bhí ag quartú, ní raibh na rudaí fairsing an t-am sin, bhí sé ag quartú iasacht bríste (gáire) agus léim an bheirt síos na bhóithigh agus caidé ach thit sise sa tuig (gáire).

DÓNALL: (Gáire)

GRACIE: Sin an scéal a mhothaigh mise fá chleamhnas. Agus pósadh iad tamall ina dhiaidh sin agus bhí an-bhainis mhór acu.

DÓNALL: Anois.

GRACIE: Mhothaigh mé iad ag caint ar...

DÓNALL: Mhothaigh tú sin.

GRACIE: Mhothaigh mé sin, mhothaigh mé na ainmneacha, níor mhaith liom iad a rá.

DÓNALL: Sea ach is cuma faoi sin. *But* amharc ó thairbhe bainseacha san am, in d'am féin a Ghracie, ní bheadh, ní bheadh ceiliúradh mór ar bith ann an dóigh a bhfuil anois.

GRACIE: Ní bheadh. Tá cuimhne agam nuair a pósadh *m'aunt*, bhí mise i dtrátha ceithre bliana agus pósadh thiar ar an Éadan iad agus tá cuimhne agam go raibh an béile acu thoir ansin an áit a bhfuil Tigh Earcáin ar an Bhrócaigh anois.

DÓNALL: Ní dheachaigh siad i bhfad as baile.

GRACIE: Ní dheachaigh siad i bhfad as baile agus d'imigh siad ar *tour* ar shiúl ar carr ansin.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Agus tháinig siad ar ais san oíche agus chuaigh siad i gcionn a gcuid oibre ansin. Bhí siopa beag aigesan thoir ar an Choimín agus chruinnigh sise suas a cuid bagáistí agus chuaigh sí soir agus chuaigh an bheirt i gcionn a ngnoithe.

DÓNALL: Sea.

GRACIE: Sin an dóigh a raibh sé, ní raibh *honeymoons* mór fhada ar bith acu.

DÓNALL: Ní raibh.

GRACIE: Ní raibh.

DÓNALL: An bhfeiceann tú anois agus ansin ligfidh mé duit ná chuir mé amú tú inniu ach inis domh fá, an bhfeiceann tú na Cruacha, cé mhéid cnoc ann agus c'ainm, na ainmneacha atá orthu?

GRACIE: Tá an Chruach Ghorm ansin agus tá An Leamhach thiar taobh thiar do agus níl a fhios agam cén t-ainm atá ar an chnoc atá taobh thiar de sin ach thig leat dul siar na Cruacha, an dtigeann tú, leat an bealach sin ná tá sé briste suas anois agus....

DÓNALL:Sea....

GRACIE:gabháil amach an Stucán, ní fhaca tú sin ariamh?

DÓNALL: *No*, ní fhaca, níl mé eolach go leor air.

GRACIE: Thig leat dul amach an Stucán agus tiocfaidh tú isteach thiar ar an bhealach an Éadain fá ghiota den *Glen Tavern*.

DÓNALL: Tá a fhios agam an áit a bhfuil tú ag rá anois.

GRACIE: *Aye*, An tSeanga Mheáin.

DÓNALL: Sea. Tá a fhios agam an áit a bhfuil tú ag caint air, tá a fhios. Bhuel a Ghracie, go raibh míle maith agat agus a Mháire, tú féin, go raibh maith agat.

GRACIE: Ólfaidh tú cupa tae anois?

DÓNALL: Ó, ní bhfaigheann locht ar bith ar sin, maith tú a Mháire.
